**Preasráiteas**

**www.logainm.ie**

**Fuaim le logainmneacha Chontae Mhaigh Eo**

Is féidir le cuairteoirí ar www.logainm.ie éisteacht anois le comhaid fuaime atá curtha le 713 logainm i gContae Mhaigh Eo. Cuireadh comhaid fuaime i nGaeilge agus i mBéarla le hainmneacha na mbarúntachtaí, na bparóistí dlí agus na dtoghrann, chomh maith le hainmneacha roinnt gnéithe fisiciúla. Tá ainmneacha na mbailte fearainn atá sa Ghaeltacht san áireamh freisin. Tá comhaid fuaime ag gabháil cheana le logainmneacha i gContaetha Phort Láirge, na Gaillimhe, Dhún na nGall, Chiarraí, Thiobraid Árann agus Lú. Póilín Ní Chiaráin as Dumha Locha, Gaoth Sáile a chuir fuaim le logainmneacha Mhaigh Eo.

Is suíomh Gréasáin poiblí é www.logainm.ie a chuireann an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar 100,000 éigin bailte, sráideanna agus oifigí poist ar fud na tíre ar fáil don phobal. Mheall an suíomh Gréasáin logainmneacha 1.9 milliún amas ó seoladh é go hoifigiúil ar 1 Deireadh Fómhair 2008. Faoin leagan Béarla is coitianta a dhéantar an cuardach. Is é *Dublin* an logainm is mó cuardach go dtí seo (517 cuardach), is é *Blackrock* an dara ceann is coitianta (375), agus tá *Derry* sa tríú háit (371). Tá *Tallaght* sa cheathrú háit, le 351 cuardach. Is iad na logainmneacha is mó cuardach i gContae Mhaigh Eo go dtí seo ná *Castlebar* le 222 cuardach, *Westport* le 199, *Belmullet* le 191 agus *Mayo* le 175 cuardach.

Is féidir le mic léinn, múinteoirí, iriseoirí, aistritheoirí agus aon duine eile a bhfuil leagan údarásach uaidh de logainm, teacht ar an eolas go héasca anois trí chuardach a dhéanamh ar www.logainm.ie. Tá an suíomh ina ábhar spéise, chomh maith, acu siúd ar fud an domhain a chuireann suim in oidhreacht, i gcultúr agus i dtíreolaíocht na hÉireann.

Dúirt an tAire Ó Cuív: "Is iontach an acmhainn ar líne www.logainm.ie agus, ó seoladh an suíomh i mí Dheireadh Fómhair 2008, tá ag éirí thar cionn leis. Is cuid lárnach agus bhunúsach dár stair agus dár bhféiniúlacht iad na logainmneacha, agus ciallaíonn an suíomh Gréasáin seo go bhfuil an taighde cuimsitheach agus na sonraí cartlainne atá bailithe le chéile ag an mBrainse Logainmneacha ar fáil saor in aisce do chuile dhuine, is cuma cá bhfuil siad ar domhan. Tá mé cinnte go mbainfidh go leor daoine sásamh as a bheith ag éisteacht leis na comhaid fuaime atá ar fáil anois do logainmneacha Mhaigh Eo. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Fiontar agus leis an mBrainse Logainmneacha as suíomh Gréasáin a chruthú a bhfuil sé éasca teacht air, atá éasca le húsáid agus atá ina fhoinse saibhir teanga."

Leanfar den obair ar www.logainm.ie agus cuirfear tuilleadh logainmneacha, comhad fuaime agus áiseanna idirghníomhacha leis an suíomh.

Tá www.logainm.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.